NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Log Nochtaithe de chuid CNCM a bhaineann le hIarratais Neamhphearsanta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF)

2021 (go dtí deireadh Ráithe 4 2021)

**Log Nochtaithe de chuid CNCM a bhaineann le hIarratais Neamhphearsanta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) ó 2014 go dtí an lá atá inniu ann**
2021 (go dtí deireadh Ráithe 4 2021)

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
|---|---|---|---|---|
| TAG:01/2021 | Ar bhonn aonair | An 5 Feabhra 2021 | Diúltaithe toisc nár soláthraíodh sonraí leordhóthanacha | Iarratas ar thairiscintí de chuid CNCM 122019 - Soláthar Aistriúchán Gaeilge atá Bainistithe. Gach taifead agus/nó doiciméad atá i seilbh CNCM maidir le cinneadh na hOifige um Sholáthar Rialtais an iomaíocht thuasluaite a struchtúrú mar a rinne sé. |
| TAG:02/2021 | Ar bhonn aonair | An 16 Márta 2021 | Bronnta | Gach fianaise dhoiciméadach, lena n-áirítear miontuairiscí de gach cruinniú, comhfhreagras, tuarascálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ar bhunaigh CNCM an cinneadh ar an teimpléad a úsáideadh chun sonraíocht curaclaim Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí agus sonraíocht curaclaim Eolaíochta Talmhaíochta na hArdteistiméireachta a dhearadh agus atá in úsáid faoi láthair chun sonraíochtaí na hArdteistiméireachta don Fhisic, don Cheimic agus don Bhitheolaíocht atá molta a dhearadh. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| TAG:03/2021 | Ar bhonn aonair | An 6 Aibreán 2021 | Diúltaithe | dul sa tóir ar roinnt taifead ó CNCM faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a bhaineann leis an bpróiseas comhairliúcháin maidir le hathbhreithniú nua na sraithe sinsearaí ar shiollabas na Gaeilge don Ardteistiméireacht. Go sonrach, táim sa tóir ar |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | liostaí tinrimh agus miontuairiscí ó gach cruinniú de Mheitheal Forbartha do Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí le dhá bhliain anuas. Táim sa tóir freisin ar aon/gach tuairisc a tháinig as na cruinnithe seo freisin nó a tiomsaíodh ina dhiaidh sin |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| TAG:04/2021 | Ar bhonn aonair | Dé hAoine an 25 Meitheamh 2021 | Ar siúl | . Cóip den tuarascáil ón athbhreithniú sin. Mura bhfuil an tuarascáil deiridh ar fáil seol an dréacht-chóip is déanaí chugam le do thoil<br>. Chomh maith leis sin seol chugam, le do thoil, cóipeanna de chomhfhreagras a bhaineann le BelongTo, ShoutOut, Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne, LADT Éireann, SpunOut maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe seo (ina gcuirfear an t-ionchur a bheidh i gceist nó an próiseas chun ionchur a bheith i ceist a mhéid agus a bhaineann sé le haon ionchuir nó eagarthóireacht a dhéanann na heagraíochtaí seo)<br>. Cóipeanna d'ainmneacha na ndaoine atá sa ghrúpa athbhreithnithe<br>. Cóipeanna de Théarmaí Tagartha (nó doiciméad atá cosúil leo)<br>. Cóipeanna d'ábhair traenála ar an OCG nua seo<br>. Cóipeanna de na hábhair a mheastar a bheith oiriúnach don OCG nua seo ag leibhéal na bunscoile (tabhair faoi deara mura bhfuil an t-athbhreithniú seo críochnaithe, ní mór an t-ábhar a bhfuiltear ag smaoineamh air faoi láthair a chur san áireamh)<br>. Cóipeanna de na hábhair a mheastar a bheith oiriúnach don OCG nua seo ag leibhéal na bunscoile (tabhair faoi deara mura bhfuil an t-athbhreithniú seo críochnaithe, ní mór an t-ábhar ar a bhfuiltear ag smaoineamh faoi láthair a chur san áireamh) |

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
|---|---|---|---|---|
| TAG:05/2021 | Ar bhonn aonair | An 12 Iúil 2021 | Cuid den iarratas bronnta. An teicneolaíocht ainmnithe ach coinnítear an leagan siar ar chúiseanna slándála. | 1) Ní mór duit a chur in iúl cad iad na teicneolaíochtaí (lena n-áirítear na leaganacha) a úsáideann tú le haghaidh:<br>Acmhainní Daonna, Párolla, Foghlaim & Forbairt, Soláthar, Ionad Teagmhála agus<br>2) an ndéantar seachfhoinsiú orthu, ag ainmniú na heagraíochta a seolfar iad chuici agus dáta deiridh an chonartha. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| TAG: 06/2021 | Iriseoir | 20 Iúil 2021 | Diúltaithe | Rochtain d'aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid CNCM mar chuid de chéim 1 den chomhairliúchán maidir le Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile |
| TAG:07/2021 | Duine aonair | 25 Lúnasa 2021 | Páirtbhronnta | An méid a íocadh do bhaill teaghlaigh baill foirne reatha CNCM sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2021 go nuige seo. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | I m'iarratas is éard is brí le ball teaghlaigh ná fear céile, bean chéile, páirtí, deartháir, deirfiúr, mac nó iníon.<br>An líon ball teaghlaigh a íocadh sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2021 go nuige seo.<br>Más rud é go bhfuil seo iomchuí, maidir leis an líon a cuireadh ar fáil sa fhreagairt ar C2, cé mhéid díobh siúd a íocadh mar thoradh ar chomórtas oscailte.<br>An méid a íocadh d'iarbhaill foirne CNCM sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2021 go nuige seo.<br>An líon iarbhall foirne a íocadh sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2021 go nuige seo.<br>Más rud é go bhfuil seo iomchuí, maidir leis an líon a cuireadh ar fáil sa fhreagairt ar C5, cé mhéid díobh siúd a íocadh mar thoradh ar chomórtas oscailte. |
| TAG:08/2021 | Iriseoir | 24 Meán Fómhair 2021 | Bronnta | Comhfhreagras ón mbliain 2018, le gach tríú páirtí, lena n-áirítear leo siúd ar bhonn taidhleoireachta agus ar bhonn rialtais, maidir le múineadh agus cruthú curaclam na Sínise agus na Seapáinise araon mar ábhair scoile.<br><br>Comhfhreagras idir oifigigh agus tríú páirtithe ábhartha maidir le múineadh teangacha eile agus maidir leis an t-ionchur a bhí ag rialtais eachtrannacha, idir 2018 agus an t-am i láthair. |
| TAG:09/2021 | Duine aonair | 29 Meán Fómhair 2021 | Páirtbhronnta | Na comhlachtaí seachtracha a tugadh isteach chun comhairliúchán a dhéanamh ar fhorbairt an mhéid seo a leanas de churaclam na bunscoile:<br>Sleamhnán 1(into.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá an URL<br>anseo: [https://www.into.ie/app/uploads/2019/10/We-All-Belong-Picture-Books-Resource.pdf#page=9](https://www.into.ie/app/uploads/2019/10/We-All-Belong-Picture-Books-Resource.pdf#page=9)<br>Na moltaí a d'fhoilsigh na comhlachtaí seachtracha maidir le hionchuimsiú 'trasinscneach'<br>Na fíricí/fianaise ar baineadh úsáid astu agus an curaclam seo á fhorbairt maidir le cuimsiú smaointí trasinscneacha. De réir an Achta Oideachais, 1988, is éard a dhéanfaidh scoileanna ná "forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile". Tabhair fianaise go ndeachaigh tú i gcomhairle le tuismitheoirí agus an t-ábhar seo á chruthú agat. Cé hiad na tuismitheoirí a ndeachthas i gcomhairle leo maidir le tabhairt isteach na híde-eolaíochta trasinscní sa churaclam? |
| TAG:10/2021 | Duine aonair | 13 Nollaig 2021 | Bronnta | Líon na n-iarratas rathúla atá ceaptha chun na mbord agus chun na ngrúpaí oibre curaclaim seo a leanas ag 1, scagtha de réir inscne.  Bord na Luath-Óige agus na Bunscoile 2. Bord na Sraithe Sóisearaí 3. Bord na Sraithe Sinsearaí 4. An Ghaeilge 5. Araibis 6. Bitheolaíocht 7. Ceimic 8. Clasaicí 9. Matamaitic na Bunscoile agus na Luathbhlianta 10. Fisic 11. Corpoideachas don Teastas Sóisearach 12. Teangacha ag leibhéal na Bunscoile 13. OSPS/OCG ag leibhéal na Bunscoile 14. OSPS/OCG ag leibhéal Iar-bhunscoile 15. An Chomhairle CNCM<br><br>Líon agus inscne na n-ainmniúchán chun gach grúpa/bord thuas nár éirigh leo. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Líon agus inscne (le tabhairt astu féin) fostaithe NCCA a bhfuil conarthaí lánaimseartha agus páirtaimseartha acu. |
| TAG:11/2021 | Duine aonair | 22 Nollaig 2021 | Bronnta | Na nótaí a bhreac breacaire nótaí CNCM ag cruinniú idir CNCM agus Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann ar an 22 Samhain, 2019 ag oifigí CNCM i 35 Cearnóg Fitzwilliam, Baile Átha Cliath |

Log Nochtaithe de chuid CNCM 2020 (go dtí deireadh Ráithe 4/2020)

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
|---|---|---|---|---|
| TAG:01/2020 | Ar bhonn aonair | An 24 Meán Fómhair 2020 | Diúltaithe toisc nár soláthraíodh sonraí leordhóthanacha | cóipeanna digiteacha faisnéise maidir le bunú/próiseas comhairliúcháin an Léann Giúdach do churaclam na Sraithe Sóisearaí. |

Log Nochtaithe de chuid CNCM 2019 (go dtí deireadh Ráithe 4/2019)

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
|---|---|---|---|---|
| TAG:01/2019 | Iriseoir | An 18 Aibreán 2019 | Diúltaithe | Aighneachtaí i scríbhinn chuig CNCM mar fhreagra ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna |
| TAG:02/2019 | Iriseoir | An 12 Samhain 2019 | Diúltaithe | Cóip...de na freagraí ar fhorbairt an tsuirbhé cúlra maidir leis an tSonraíocht don Fhisic Sinsearach. |
| TAG:03/2019 | Ar bhonn aonair | An 31 Deireadh Fómhair 2019 | Aistrithe chuig DE | Bhí an méid seo a leanas le léamh in alt san Irish Times an 6 Lúnasa 2019: "It is dispiriting that, in response to pressure from church leaders, our Government scrapped the new Education About Religions and Belief and Ethics (ERBE) curriculum created by the National Council for Curriculum and Assessment some years back." [Chuirfeadh sé lagmhisneach ort go bhfuair ár Rialtas, mar fhreagra ar an mbrú ó cheannairí na heaglaise, réidh leis an gcuraclam nua maidir leis an Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic (ORC) a chruthaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta cúpla bliain ó shin.] Ba mhaith liom cóipeanna d'aon chomhfhreagras, meamraim inmheánacha nó cáipéisí eile a léiríonn an brú a bhí i gceist agus a raibh mar thoradh air go bhfuarthas réidh leis an gcuraclam chomh maith le haon chomhfhreagras |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | ginearálta eile, meamraim, etc., a mhíníonn cén fáth a bhfuair siad réidh leis an gcuraclam seo. |

Log Nochtaithe de chuid CNCM 2018 (go dtí deireadh Ráithe 4/2018)

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| TAG:02/2018 | Eagraíocht aonair | An 12 Samhain 2018 | Diúltaithe Rómhór | 1 - Miontuairiscí nó comhfhreagras eile, ríomhphoist, nótaí, litreacha, meamraim leictreonacha nó eile; de/faoi nó a luann grúpa bainistíochta CNS; lena n-áirítear comhfhreagras nó taifid cumarsáide eile ó chomhlachtaí seachtracha, grúpaí, daoine aonair agus ranna rialtais ó Eanáir 2015 go Deireadh Fómhair 2018. Táimid sa tóir ar thaifid maidir leis an gcúrsa GMGY, éiteas/spiorad saintréitheach, teagasc atá bunaithe ar chreideamh, ullmhúchán do na sacraimintí, teagasc sacraiminteach, oideachas reiligiúin, teagasc reiligiúnach, foirmiú creidimh, foirmiú spioradálta agus morálta, cearta an duine, éagsúlacht, cuimsiú, oiliúint múinteoirí, creideamh a chothú agus aon taifid eile a bhaineann leis an oideachas agus le teagasc sa réimse seo.<br>2 - Miontuairiscí nó comhfhreagras eile, ríomhphoist, nótaí, litreacha, meamraim leictreonacha nó eile; de/faoi nó a luann Coiste Stiúrtha GMGY; lena n-áirítear comhfhreagras nó taifid cumarsáide eile ó chomhlachtaí seachtracha, grúpaí, daoine aonair agus ranna rialtais ó Eanáir 2015 go Deireadh Fómhair 2018.<br>3 - Miontuairiscí nó comhfhreagras eile, ríomhphoist, nótaí, litreacha, meamraim leictreonacha nó eile; de/faoi nó a luann Líonra Scoile GMGY; lena n-áirítear comhfhreagras nó taifid cumarsáide eile ó chomhlachtaí |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| TAG:01/2018 | Iriseoir | An 28 Feabhra 2018 | Bronnta | Cén líon foirne a bhain leas as comhairleoireacht ón Oifigeach Leasa a bhí ag obair don Roinn Oideachais idir 2000-2015 sa CNCM? (Dá bhféadfá líon iomlán na foirne sa tréimhse ama seo sna blianta seo a shonrú ar mhaithe le comhthéacs freisin, déan amhlaidh le do thoil.)<br>Cé mhéad lá saoire bhreoiteachta a tógadh idir 2000-2015 mar gheall ar strus, imní, dúlagar nó tinnis a bhaineann leis an áit oibre nó leis an obair féin? (An mbeadh sé indéanta líon iomlán na laethanta saoire a chur ar fáil le haghaidh comparáide, agus na figiúirí a roinnt in aghaidh na bliana, m.sh. Sa bhliain 2000, bhí X lá saor a tógadh mar gheall ar strus, i gcomparáid leis an Y lá saor a tógadh san iomlán.)<br>An mbeadh sé indéanta líon na ngearán maidir le ciapadh, tromaíocht nó mí-úsáid ó bhaill foirne sa CNCM, gearáin ó bhaill foirne eile idir 2000-2015, a chur ar fáil (roinnte in aghaidh na bliana agus a scaradh bunaithe ar an gcineál gearáin atá i gceist)? |

**Log Nochtaithe de chuid CNCM 2017**

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
|---|---|---|---|---|
| TAG:00/2017 | Níl aon chás neamhphearsanta le nochtadh | | | |

Log Nochtaithe de chuid CNCM 2016 (go dtí deireadh Ráithe 2016)

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
|---|---|---|---|---|
| TAG:01/2016 | Grúpaí Gnó/ Grúpaí Leasmhara | An 8 Aibreán 2016 | Chuir siad rochtain ar fáil ar an ábhar uile. | 1. Cáipéisí a bhaineann le forbairt an tSiollabais Oideachais Reiligiúnaigh ag an dara leibhéal.<br>2. Aon chomhfhreagras maidir le forbairt an tsiollabais OR le haon cheann de na comhpháirtithe oideachais agus / nó an Roinn Oideachais & Scileanna.<br>3. Miontuairiscí ó aon chruinniú a bhaineann le forbairt an tsiollabais OR le haon cheann de na comhpháirtithe oideachais agus / nó an Roinn Oideachais & Scileanna.<br>4. Aon chomhfhreagras agus/nó miontuairiscí le haon chomhlacht a chuathas i dteagmháil leo maidir le forbairt an tsiollabais OR |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| TAG: 03/2016 | Iriseoir | An 12 Nollaig 2016 | Scaoileadh gach rud seachas Tíreolaíocht mar gheall go raibh an comhairliúchán Tíreolaíochta fós ag dul ar aghaidh.<br>Moladh gur chóir an t-iarratas don Tíreolaíocht a athchur isteach tar éis deireadh a bheith curtha leis an gcomhairliúchán go | Teastaíodh rochtain a fháil ar:<br>1) Na haighneachtaí a rinneadh le CNCM don chomhairliúchán ar Stair na Sraithe Sóisearaí<br>2) Na haighneachtaí a rinneadh le CNCM don chomhairliúchán ar Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí<br>3) Na haighneachtaí a rinneadh le CNCM don chomhairliúchán ar Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí<br>4) Na haighneachtaí a rinneadh le CNCM don chomhairliúchán ar Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí<br>5) Na haighneachtaí a rinneadh le CNCM don |

Log Nochtaithe de chuid CNCM 2015

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| TAG:01/2015 | Iriseoir | An 23 Nollaig 2015 | An chéad chuid: níl aon taifid dá leithéid ann<br>An dara cuid: diúltaithe ach le cuireadh obair a athchur isteach nuair a bheidh deireadh leis an gcomhairliúchán | 1. Gach comhfhreagras/meamram/tuairisc/ríomhphost/ miontuairisc inmheánach agus/nó seachtrach a bhaineann leis an "Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic."<br>AGUS pósadh comhghnéis/ caidrimh chomhghnéis/ caidrimh aeracha agus leispiacha sa tréimhse ama ón 1 Lúnasa go dtí an lá atá inniu ann. |

Log Nochtaithe de chuid CNCM 2014 (go dtí deireadh Ráithe 2014)

| ID Iarratasóra | Catagóir | Dáta an Chinnidh | An Cinneadh | Sonraí an Iarratais |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| TAG:00/2014 | Níl aon chásanna ann | | | |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment